

## Gníomhaíocht Spraiúil Aimsire

An tseachtain seo ar Spraoi sa Bhaile leis na Food Dudes, táimid ag foghlaim faoin tionchar a bhíonn ag an aimsir ar fhás torthaí agus glasraí. Tá ról tábhachtach ag an aimsir i bhfás torthaí agus glasraí – bíonn grian agus fearthainn de dhíth ar phlandaí le fás. Le gníomhaíocht na seachtaine seo, tá deis mhaith agat dul amach sa ghairdín agus spraoi a bheith agat le do theaghlach agus tú ag foghlaim faoin aimsir agus fás plandaí.

### Treoiríníte:

Is féidir na bileoga thíos a phrintáil nó na gníomhaíochtaí a dhéanamh i gcóipleabhar.

#### Bileog A: Tomhsaire fearthainne a dhéanamh

- ✓ Is féidir le páistí é seo a dhéanamh ina n-aonar nó leis an teaghlach. Tá seanbhuidéal plaisteach amháin de dhíth.
- ✓ Ábhair: Seanbhuidéal athchúrsáilte, peann, marcóir, slat tomhais, téip, clocha beaga.

#### Bileog B: Teas agus teocht a thomhas

- ✓ Níl aon ábhair de dhíth

**Nóta:** Is fearr an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i gcomhar le gníomhaíocht 'fás do chuid féin', cosúil leis an gceann sin atá le feiceáil i bhfiseán na Food Dudes. Má tá plandaí ag fás i do theach nó i do ghairdín cheana féin, is féidir leat na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh agus fás na bplandaí a bhreathnú ag an am céanna.



Is mór an spórt é do thorthaí agus do ghlasraí féin a fhás, go háirithe nuair a bhíonn an aimsir go deas. Taispeáin dúinn do chuid plandaí. Úsáid an haisclib **#FoodDudesFun**



## Gníomhaíocht Spraiúil Aimsire Tomhsaire Fearthainne a Dhéanamh

An féidir leat cuidiú le Tom an aimsir a thuiscint? Cuidigh leis a thuiscint conas a chabhraíonn an aimsir leis a thorthaí agus a ghlasraí féin a fhás.


### Ainm \_\_\_\_\_

### Táimid ag dul a dhéanamh tomhsaire fearthainne!

Déanfaidh sé an méid fearthainne i do ghairdín nó sa spás taobh amuigh de do theach a thomhas. Tá an fhearthainn tábhachtach chun cuidiú le plandaí fás!

**Céim 1:** Tóg seanbhuidéal ina bhfuil deoch agus, le cuidiú ó dhuine fásta, gearr an barr den bhuidéal.

**Céim 2:** Cuir roinnt clocha beaga isteach sa bhuidéal agus lig dóibh titim go dtí an bun. Coinneoidh siad an tomhsaire fearthainne ina sheasamh go deas díreach nuair a shéideann an ghaoth! Ansin, greamaigh barr an bhuidéil ar ais ar an mbuidéal le téip, ach cuir bunoscionn é ionas go bhfuil an béal istigh sa bhuidéal.



**Céim 3:** Le marcóir agus slat tomhais, tarraing scála ar an mbuidéal. Bíonn fearthainn á tomhas i milliméadair (mm). Ba chóir go mbeadh milliméadair marcáilte ar do shlat tomhais. Cuimhnigh go bhfuil 10 milliméadar cothrom le 1 cheintiméadar (10mm = 1cm). Cuir tús an scála ag bun an bhuidéil agus téigh chomh cóngarach don bharr agus is féidir leat.

**Céim 4:** Doirt uisce isteach sa bhuidéal go dtí go mbaineann sé an chéad mharc ar do scála amach. Comhghairdeas! Tá tomhsaire fearthainne déanta agat!!

**Céim 5:** Cuir do thomhsaire fearthainne taobh amuigh in áit ina rachaidh fearthainn isteach ann nuair a thosaíonn sé ag cur.

I ndiaidh an chéad chith fearthainne eile, amharc go bhfeicfidh tú cé chomh fada suas an scála atá an t-uisce.

Cláraigh an figiúr anseo \_\_\_\_\_ mm

Tomhais an méid fearthainne gach lá as seo go ceann ceithre seachtaine agus cláraigh na figiúirí laethúla anseo thíos:





# Gníomhaíocht Spraiúil Aimsire

## An Méid Fearthainne a Thomhas

Seachtain a hAon	
Lá na Seachtaine	Méid fearthainne (mm)
An Luan	
An Mháirt	
An Chéadaoin	
An Déardaoin	
An Aoine	
An Satharn	
An Domhnach	

Seachtain a Dó	
Lá na Seachtaine	Méid fearthainne (mm)
An Luan	
An Mháirt	
An Chéadaoin	
An Déardaoin	
An Aoine	
An Satharn	
An Domhnach	

Seachtain a Trí	
Lá na Seachtaine	Méid fearthainne (mm)
An Luan	
An Mháirt	
An Chéadaoin	
An Déardaoin	
An Aoine	
An Satharn	
An Domhnach	

Seachtain a Ceathair	
Lá na Seachtaine	Méid fearthainne (mm)
An Luan	
An Mháirt	
An Chéadaoin	
An Déardaoin	
An Aoine	
An Satharn	
An Domhnach	

Cén lá agus cén tseachtain ina raibh an méid is mó fearthainne? \_\_\_\_\_

# Gníomhaíocht Spraíúil Aimsire

## Fás Plandaí a Thomhas

Is gníomh maith é seo le déanamh ag tús gach téarma, mar bíonn leibhéal na fearthainne difriúil san earrach, sa samhradh, san fhómhar agus sa gheimhreadh. In amanna, nuair atá sé an-fhuar, titeann fearthainn i bhfoirm sneachta nó cloichshneachta. Nuair a leánn sneachta agus cloichshneachta, uisce atá ann – mar sin, beidh uisce ar do chuid plandaí freisin!

Má tá planda toraidh nó glasra sa bhaile agat, tomhais cé chomh hard atá sé.

Tomhais airde an phlanda agus scríobh síos é i gceintiméadair (cm), anseo: \_\_\_\_\_ cm

Coinnigh taifead den mhéid fáis a dhéanann do phlanda gach seachtain as seo go ceann ceithre seachtaine – tomhais é agus cláraigh an airde anseo thíos.

Seachtain	Airde (cm)
Deireadh Sheachtain 1	
Deireadh Sheachtain 2	
Deireadh Sheachtain 3	
Deireadh Sheachtain 4	

Ar fhás do phlanda le ceithre seachtaine anuas? Cé mhéad fáis a rinne sé? \_\_\_\_\_ cm

Anois, cuir fás an phlanda i gcomparáid leis an méid fearthainne a thit le ceithre seachtaine anuas. An síleann tú go raibh tionchar ag an méid fearthainne ar fhás do phlanda? An bhfuil ceangal idir an méid fearthainne a thit agus an fás a rinne do phlanda?

Tá fearthainn an-tábhachtach, mar coinníonn sé an ithir tais agus cuidíonn sé le plandaí fás. Mura mbíonn go leor fearthainne ann, nó má bhíonn barraíocht fearthainne ann, déanann sé damáiste do phlandaí agus do bharraí agus ní fhásann siad chomh mór ná chomh hard agus ba mhaith linn.

Tá solas ón ngrian an-tábhachtach freisin chun plandaí a chur ag fás. De ghnáth, ní bhíonn sé grianmhar nuair a bhíonn sé ag cur fearthainne, mar clúdaíonn na scamail fearthainne an ghrian agus níl an solas ón ngrian in ann an Domhan a bhaint amach. Má éiríonn plandaí rófhuar, nó mura bhfaigheann siad a ndóthain de sholas na gréine, ní fhásann siad mar is ceart. Más féidir, cuir do phlandaí in áit the, ghrianmhar.

Cén t-athrú a thiocfaidh ar do phlandaí idir seo agus an séasúr seo chugainn, meas tú?

---

---

---

---

# Gníomhaíocht Spraiúil Aimsire

## Solas na Gréine



Spraoi sa Bhaile

An féidir leat cuidiú le Charlie teas agus solas na gréine a thuiscint? Cuidigh léi a thuiscint conas a chabhraíonn solas na gréine le torthaí agus glasraí fás ionas gur féidir léi a cuid féin a fhás.

### Ainm \_\_\_\_\_

Tá brón ar Charlie mar rinne sí iarracht planda trátaí a fhás, ach níor éirigh sé mór agus tá sí buartha go ndearna sí rud éigin mícheart. Tá cabhair ag teastáil uaithi chun an áit is fearr a aimsiú don phlanda trátaí. An féidir leat cabhrú léi?

Cén áit i do theach féin a fhaigheann cuid mhór de sholas na gréine? Scríobh síos trí áit, ceann amháin ar a laghad atá taobh istigh:

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

3. \_\_\_\_\_

Cén áit atá dorcha nó a bhíonn faoi scáth? Scríobh síos trí áit, ceann amháin ar a laghad atá taobh istigh:

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

3. \_\_\_\_\_

# Gníomhaíocht Spraiúil Aimsire

## Solas na Gréine



Tarraing mapa de d'áit chónaithe agus den spás taobh amuigh di. Marcáil ar an mapa na háiteanna ina mbíonn an ghrian agus na háiteanna a bhíonn faoi scáth. Úsáid dhá dhath dhifriúla más mian leat.

### Mapa de m'Áit Chónaithe:

Tá a fhios againn go bhfuil teas agus go leor solais de dhíth ar phlandaí le fás. Is ón teas agus ón solas a fhaigheann plandaí fuinneamh a chuidíonn leo éirí mór, láidir. Maidir linn féin, is ón mbia a ithimid a fhaighimid féin fuinneamh, go háirithe torthaí agus glasraí!

Bíonn méideanna éagsúla solais de dhíth ar phlandaí éagsúla chun go mairfidh siad, ach mura bhfaighidh siad aon solas, ní fhásfaidh siad ar chor ar bith. Sa chás sin, bheadh daoine agus ainmhithe fágtha gan bhia. Tá solas na gréine ar cheann de na rudaí is tábhachtaí inár saol – tá sé tábhachtach don bheatha féin.

Bunaithe ar an mapa a rinne tú, cén áit ar chóir do Charlie an planda trátaí a chur le go bhfaighidh sé an méid is mó teasa agus solais?

---

---

---